

# Céimeanna Forbartha san Fhoghlaim sa Bhonnchéim Contanam ÚSÁID NA MATAMAITICE

Ba cheart do mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí scil Úsáid na Matamaitice a úsáid trasna an churaclaim i súgradh, obair topaice agus i ngach Réimse Foghlama. Na ráitis ina luaitear gníomhaitla an mhúinteora nó na ndaltái níl iontu ach eiseamláirí. Cuireann siad síos ar ghníomhaíocht féideartha múinteora agus iompraíocht daltaí le gach céim a léiriú. Ba chóir do mhúinteoirí, paistí a chumasú i gcomhthéacs a gcumais sa tumtheanga le heolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt iontu seo.

Ó	Go	Síneadh ar Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Leibhéal 1
<b>Tig le daltaí:</b>	<b>Tig le daltaí:</b>	<b>I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna atá coitianta agus inrochtana, tig le daltaí:</b>
<ul style="list-style-type: none"><li><b>ábhair agus treatamh a fhiosrú;</b> Cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil do dhaltaí réimse leathan ábhar agus treataimh a fhiosrú, mar shampla, beidh saor-rochtain acu ar ábhair agus ar threatamh lena n-áirítear TFC tríd an lá. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Bíonn na daltaí fiosrach agus fiosraíonn réimse leathan ábhar agus treataimh.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>ábhair agus treatamh a fhiosrú agus labhairt orthu;</b> Múnlaíonn an múinteoir úsáid chuí ábhar agus treataimh do ghníomhaíochtaí áirithe agus déanann sé/sí seo a roinnt leis na daltaí, mar shampla, an dóigh a n-oibríonn meá phanna nó gaireas digiteach a léiriú. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Baineann na daltaí úsáid as na hábhair agus an treatamh atá curtha ar fáil agus labhraíonn siad orthu.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>labhairt ar na hábhair agus an treatamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid;</b> Tig le daltaí, faoi threoir an mhúinteora, na hábhair mhatamaitice agus an treatamh matamaitice atá curtha ar fáil a úsáid, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"><li><i>a bpatrún athfhillteach féin a dhéanamh agus sraitheanna de chruthanna nó de choirníní in úsáid acu;</i></li> <li><i>fíor-réada a shórtáil de réir critéar amháin, mar shampla dath, cruth nó méid; agus</i></li> <li><i>meá a úsáid lena fháil amach cé acu réad is troime.</i></li></ul></li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li><b>feasacht a fhorbairt ar nodaireacht mhatamaiticiúil;</b> Múnlaíonn an múinteoir nodaireacht chuí mhatamaiticiúil agus déanann sé/sí seo a roinnt leis na daltaí, amhail siombailí matamaitice sa timpeallacht, mar shampla, díriú ar uimhreacha ar leith le linn gníomhaíochtaí cuntais de ghlannmheabhair. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Aithníonn na daltaí agus úsáideann siad marcanna le brí mhatamaiticiúil, mar shampla, marcanna a dhéanamh le huimhreacha difriúla a léiriú.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>tosú ar roinnt nodaireachta matamaiticiúla a úsáid;</b> Múnlaíonn an múinteoir foirmiú ceart na n-uimhreacha agus siombalacha agus déanann sé/sí seo a roinnt leis na daltaí. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i>Léiríonn na daltaí foirmiú ceart na n-uimhreacha agus siombalacha.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>roinnt nodaireachta mhatamaitice a úsáid;</b> Tig le daltaí: <ul style="list-style-type: none"><li><i>uimhreacha a mheaitseáil le tacair a fhad le 10, ar a n-áirítear 0 a mheaitseáil leis an tacar neamhnitheach; agus</i></li> <li><i>a gcuid oibre a thairheadadh agus iad ag úsáid uimhreacha nó focal a fhad le 10.</i></li></ul></li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li><b>an gá le bheith eagraithe a thuiscint;</b> Múnlaíonn an múinteoir an ghá le bheith eagraithe agus déanann sé/sí seo a roinnt leis na daltaí; mar shampla, gnáthamh d’am glanta suas. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Léiríonn na daltaí gné d’eagraíocht, mar shampla, bheith páirteach sa ghnáthamh glanta suas.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>treoracha a leanúint le iad féin a eagrú;</b> Tugann an múinteoir treoracha le linn obair phraiticiúil/súgradh. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Leanann na daltaí treoracha go rathúil.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla</b> Tig le daltaí obair phraiticiúil a eagrú, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"><li><i>réada a shórtáil ina ngrúpálacha eagraithe; agus</i></li> <li><i>réada a mheaitseáil lena fháil amach cé acu grúpa ina bhfuil an líon is mó/sí lú réad.</i></li></ul></li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li><b>feasacht a fháil ar gnáthfhadhbanna simplí an lae;</b> Labhraíonn an múinteoir faoi chásanna ina dtarlaíonn fadhbanna, mar shampla, ‘Cé acu éadaí atá ar an mhéid cheart do theidí? Cad é mar a gheobhaimid amach?’ <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Labhraíonn na daltaí faoi réimse fadhbanna difriúla.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>gnáthfhadhbanna simplí an lae a aithint agus tosú ar iad a réiteach;</b> Múnlaíonn an múinteoir fadhbanna laethúla simplí a réiteach trí acmhainní a úsáid agus déanann sé/sí seo a roinnt leis na dalta. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Tosaíonn na daltaí le cuidiú ón mhúinteoir ar réitigh ar fhadhbanna a struchtúrú, mar shampla, ‘Ba mhaith liom an chathaoir a fháil amach an doras. Cad é a dhéanfaimid?’ [brú, tarraingt, tógáil].</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>labhairt ar dhóigheanna le gnáthfhadhbanna an lae a réiteach;</b> Mar fhreagra ar cheisteanna, tig le daltaí labhairt ar an dóigh le tabhairt faoi ghníomhaíocht, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"><li><i>a rá go bhféadfadh siad meá a úsáid le meáchan dhá réad a chur i gcomparáid;</i></li> <li><i>labhairt ar dhóigheanna éagsúla ina bhféadfadh siad grúpa réad a shórtáil, mar shampla de réir datha, méide, uigeachta; agus</i></li> <li><i>a rá cén dóigh a bhfaigheadh siad amach an bhfuil go leor sceanra ann do cheathrar daoine.</i></li></ul></li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li><b>sult a bhaint as éisteacht le rímeanna/scéalta/amhráin le gné de chuntas;</b> Múnlaíonn an múinteoir réimse de rímeanna/scéalta/amhráin ghníomhaíochta cuntais agus déanann sé/sí seo a roinnt leis na daltaí. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Déanann na daltaí rímeanna/scéalta/amhráin ghníomhaíochta cuntais a aithris.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>bheith páirteach i ngníomhaíochta cuntais;</b> Múnlaíonn an múinteoir forbairt ar chuntas de ghlannmheabhair agus déanann sé/sí seo a roinnt leis na daltaí, lena n-áirítear tuiscint ar ord na n-uimhreacha go dtí 10 chun tosaigh agus siar ar a laghad agus ag tosú ar uimhir ar bith. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Tosaíonn na daltaí ag cuntas de ghlannmheabhair agus tosaíonn siad ar theanga mhatamaiticiúil a thuiscint, mar shampla, an uimhir i ndiaidh, an uimhir roimh, an uimhir idir.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl;</b> Tig le daltaí leideanna ón mhúinteoir a úsáid i ngníomhaíochtaí praiticiúla agus i ngníomhaíochtaí meabhairmhatamaitice, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"><li><i>le bheith ag cuntas ar aghaidh/siar ó phointí éagsúla tosaíthe, mar shampla cuntas ar aghaidh/siar ó 7;</i></li> <li><i>le huimhreacha taobh istigh de 10 a chur in ord, mar shampla fíos a bheith acu go bhfuil 6 idir 5 agus 7; agus</i></li> <li><i>le bheith ag suimiú agus ag dealú taobh istigh de 10, mar shampla cuntas ar aghaidh le 5 agus 4 a shuimiú.</i></li></ul></li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li><b>smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;</b></li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>dearadh simplí /gréasáin shimplí a fhiosrú sa timpeallacht/sa mhatamaitic;</b> Múnlaíonn an múinteoir an dóigh a bhfaightear patrúin shimplí agus déanann sé/sí seo a roinnt leis na daltaí, mar shampla, leacáin urláir agus díslí, agus an dóigh le réimse ábhar amhail buaircíní, slíogáin agus ciúbanna a úsáid le patrúin athfhillteacha a chruthú. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Úsáideann na daltaí réimse ábhar le patrúin a dhéanamh.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>patrúin a lorg agus labhairt orthu;</b> Trína bplé leis an mhúinteoir, tá daltaí eolach ar phatrúin agus thig leo a bheith ag labhairt orthu; spreagtar daltaí lena rá cad é an chéad rud eile agus cad chuige, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"><li><i>a bheith ag labhairt ar phatrúin sa timpeallacht, mar shampla brící, duilleoga, tileanna urláir;</i></li> <li><i>patrún a chóipeáil / a chruthú agus / a leanúint de, mar shampla ciúb gorm, ciúb dearg, ciúb gorm a chur amach agus leanúint den phatrún; agus</i></li> <li><i>patrúin in uimhreas a fhiosrú, mar shampla réada a chur amach ina ndónna.</i></li></ul></li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li><b>faisnéis a aimsiú agus a bhailiú;</b></li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>frithghníomhú/freagairt don fhaisnéis thart timpeall orthu;</b> Labhraíonn an múinteoir faoi fhoinsí faisnéise, mar shampla, faisnéis phearsanta: ainm, breithlá, baill den teaghlach, spéiseanna, rudaí a bhfuil dúil acu iontu, rudaí nach maith leo. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Labhraíonn na daltaí faoi fhaisnéis.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>an fhaisnéis atá de dhíth a bhailiú agus labhairt uirthi;</b> Tig le daltaí faisnéis shainitheanta a bhailiú. Tig leo an fhaisnéis a léirmhíniú agus iad ag freagairt do leideanna, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"><li><i>a bheith ag obair mar rang le faisnéis a bhailiú, mar shampla dath gruaige, an bia is fearr leo; agus</i></li> <li><i>ceisteanna ar fhaisnéis a fhreagairt, mar shampla ‘An itheann níos mó daltaí dinnéir na scoile ná lón pacáilte?’</i></li></ul></li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li><b>faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;</b></li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>rudai a úsáid le rudaí nó le daoine a léiriú agus iad ag súgradh;</b> Labhraíonn an múinteoir faoi réimse leathan ábhar a úsáid agus iad ag súgradh le réada agus le daoine a léiriú, mar shampla, mionsamhlacha a dhéanamh le réimse ábhar, rólghlacadh agus pictiúir a tharraingt. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Labhraíonn na daltaí faoi na rudaí a rinne siad le réada eile a léiriú, mar shampla, bosca in úsáid mar a bheadh carr ann.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid;</b> Tig le daltaí faisnéis shainitheanta a léiriú i ngníomhaíochtaí praiticiúla. Léiríonn siad a gcuid oibre i bhfoirm 3T (bloic, réada) nó i bhfoirm 2T (ag úsáid greamán nó líníochtaí), mar shampla: <ul style="list-style-type: none"><li><i>líníochtaí nó pictiúir a úsáid le himeachtaí agus ócáidí speisialta a léiriú agus a chur i seicheamh; agus</i></li> <li><i>tacair éagsúla a dhéanamh d’uimhir ar leith, agus iad ag baint úsáid as réimse d’ábhair mar shampla tacair de 8 a dhéanamh ag baint úsáid as réada móra /beaga agus fíos a bheith acu gur tacair chothroma iad.</i></li></ul></li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li><b>tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé, agus le modhanna oibre a mhíniú.<sup>1</sup></b></li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>freagairt ar theanga na matamaitice.</b> Spreagann an múinteoir, nuair is cuí sin, na daltaí le teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"><li><i>Dalta: ‘Tá an rópa sin mór.’</i></li> <li><i>Múinteoir ‘Tá an rópa sin fada.’</i></li></ul></li></ul> <p><i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Úsáideann na daltaí roinnt teanga mhatamaiticiúil ar ócáidí.</p>	<ul style="list-style-type: none"><li><b>úsáid a bhaint as teanga mhatamaiticiúil atá múnlaithe ag an mhúinteoir agus tuiscint a léiriú.</b> Múnlaíonn an múinteoir teanga mhatamaiticiúil agus déanann sé/sí seo a roinnt leis na daltaí trí ghníomhaíochtaí struchtúrtha, mar shampla, bosca a shórtáil le rudaí fada agus gearra a scaradh. <i><b>Deis measúnaithe:</b></i> Úsáideann daltaí gnéithe de theanga mhatamaiticiúil le cur síos a dhéanamh ar réimse rudaí.</li></ul>

### Ag baint úsáid as Eolas agus Tuiscint s’acu ar:

<b>Uimhreas</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>cuntas i gcomhthéacs rímeanna uimhreach, deilíní agus scéalta;</li> <li>labhairt faoi rudaí a bhfuil siad ag iarraidh a gcuid airgid a chaitheamh orthu;</li> <li>imscrúdú a dhéanamh agus labhairt faoi dhearadh/phatrún sa timpeallacht;</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>cuntas i gcomhthéacs rímeanna uimhreach, deilíní agus scéalta;</li> <li>a thuiscint go gcaithfear íoc as earraí;</li> <li>patrún simplí a chóipeáil/a leanúint;</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>uimhreacha a fhad le 10 ar a laghad a úsáid, meastachán a dhéanamh orthu, iad a shuimiú agus a dhealú;</li> <li>neamhathraitheacht an uimhris a thuiscint;</li> <li>réada, uimhreacha nó pictiúir a úsáid le patrúin athfhillteacha a chruthú agus cur síos a dhéanamh orthu;</li> <li>boinn airgid a aithint agus a úsáid;</li></ul>
<b>Tomhais</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>an ghnáth-theanga a bhaineann le fad, ‘meáchan’, toilleadh agus achar le cur síos a dhéanamh ar réada;</li> <li>labhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le lá agus le hoíche;</li> <li>labhairt faoi ghnáthaimh le linn an lae, mar shampla am lóin agus am dul abhaile;</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>an ghnáth-theanga a bhaineann le fad, ‘meáchan’, toilleadh agus achar le cur síos ar dhá read agus le comparáid a dhéanamh eatarthu;</li> <li>patrúin ama a fhiosrú, mar shampla, maidín, iarnóin, tráthnóna, agus laethanta na seachtaine;</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>an ghnáth-theanga a bhaineann le fad, ‘meáchan’, toilleadh agus achar a úsáid le cur síos ar thrí réad, le comparáid a dhéanamh eatarthu agus le hiad a chur in ord;</li> <li>imeachtaí coitianta a chur i seicheamh;</li> <li>bheith eolach ar laethanta na seachtaine agus a n-ord;</li> <li>amanna ‘speisialta’ ar an chlog a aithint;</li></ul>
<b>Cruth agus Spás</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>imscrúdú a dhéanamh ar chruthanna sa timpeallacht agus labhairt orthu;</li> <li>gluaiseacht a fhiosrú trí spás le linn gníomhaíochtaí súgartha istigh agus amuigh;</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>cruthanna 3T a úsáid le mionsamhlacha a thógáil agus labhairt orthu;</li> <li>réimse focal a bhaineann le suíomh a thuiscint agus a úsáid;</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>cruthanna 2T agus 3T a shórtáil agus tógalacha 2T agus 3T a dhéanamh agus cur síos a dhéanamh orthu;</li> <li>teanga a úsáid agus treoracha a leanúint, i gcasanna praiticiúla, maidir le suíomh agus gluaiseacht;</li></ul>
<b>Láimhseáil Sonraí</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>na hairíonna a bhaineann le réimse ábhar a fhiosrú go saor.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>bailiúcháin d’ábhair randamacha a shórtáil.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>fíor-réada a shórtáil agus a rangú de réir critéar amháin agus athshórtáil de réir critéar eile, ag úsáid léaráidí Venn, Carroll agus Crainn;</li> <li>faisnéis a bhailiú agus a thairheadadh ag úsáid fíor-réad nó líníochtaí.<sup>2</sup></li></ul>

<sup>[1]</sup> Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí cumas airgeadais agus úsáid TFC a fhorbairt le fadhbanna a réiteach agus/nó lena gcuid oibre a chur i láthair

<sup>[2]</sup> Déan tagairt le do thoil do Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte in Úsáid na Matamaitice trasna an Churaclaim, atá ar fáil ag www.ccea.org.uk, le mionsonraí iomlána a bhaineann le hEolas agus Tuiscint a fháil